Dá ghabhladh dhéag insan dán

[David Greene, ’Mac Bronn’, *Éigse* 5, 231-5]

Donnchadh Óg Albannach cc.

1 Dá ghabhladh dhéag insan dán,
ní coitcheann iad re n-iomrádh;
do dhligheadh dámh teacht tharsa
- seacht ngrádh fhileadh oramsa.

2 An aor nó moladh mac bronn?
mar nach biadh a fhios agam,
ar n-innisin a anma,
innisidh, a ollamhna.

3 Ní dual máthair ag mac bronn ;
fios a athar fhuil agam
- annamh lat leanabh mar soin -
bearar an mac gan mháthair!

4 Trí ráithe torrach a-tám,
táinig m’ionbhaidh go h-iomlán;
trom taobh ón fhoilcheas fhaladh
toircheas aor an ollamhan.

5 Ag soin aithnim, a ucht geal,
mac bronn an ollaimh fhileadh,
nár an té fhoilcheas an aoir
- is é an toircheas an tathaoir.

6 [....] ar ndéanamh mar bhíos bean;
dleaghar don ollamh fhileadh
a mhac bronn do bhreith gan fhios,
re cleith is trom gach toircheas.

7 Uirscéal bheanas ria bhríogh soin
- maol guala ag nach bí bráthair -
do chuala ar Chobhthach Chaol Bhreagh
an [codhnach] ó thaobh Thailltean.

8 Lá éigin i dtoigh Theamhrach
’na raibh Cobhthach ceithearnach,
do ling ar lár a chroidhe
grádh fill agus fionghoile.

9 Do shearg a fhuil is a fheoil
- ag soin adhbhar an uirsceoil -
uime do lean Cobhthach Caol

don [chodhnach,] mear an macaomh.

10 Teagaid chuige . . . i-le
maithleagha Éireann uile
gearr do anadar dá fhios,
níor lamhadar a leighios.

11 “Truagh an tinneas a-tá air”
do ráidh liaigh don a leaghaibh,
“toircheas fionghaile agus fill
gá ionghaire na inntinn.”

12 “Biaidh marbh muna marbhthar leis
a bhráthair, borb an aitheis,”
an fisidh céadna do chan,
réadla bhisigh nár báthadh.

13 Do mharbh Cobhthach [na gcleas ngoill]
a bhráthair féin i bhfionghail;
ba fionghal nár dligheadh de,
iongnadh an sireadh sláinte!

14 Drochthoircheas Chobhthaigh Chaoil Bhreagh
’s mac bronn an ollaimh fhileadh,
an dá thoircheas do thogh mé
- oircheas a gcor le chéile.

15 Ag fadódh is-toigh fám thuinn
a-tá an aor, gion go n-abruim;
ní foilcheas an taobh is-toigh
toircheas na n-aor is abaidh.

16 Ní bhiad gá cheilt, sáthach sin;
tighearna uasal éigin,
don toircheas is é as athair,
is mé fhoilcheas a anachain.

17 Scaoilfead uime m’éigean de,
an toircheas a-tá im bruinne;
léigfead fúibh toircheas na troch
dúin ní hoircheas a fholach.

18 Ní choigeól Gaoidheal nó Gall,
is mairg theigéamhas tharam;
nathair neimhe daoibh an dán,
teine ’na haoir do hadádh.